C/2025/1948

28.3.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11912 – M&G FA / P CAPITAL PARTNERS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1948)

1. An 20 Márta 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— M&G FA Limited ('M&G FA', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú M&G plc ('M&G', an Ríocht Aontaithe),

— P Capital Partners AB ('PCP', an tSualainn), faoi rialú PCP Deka AB (an tSualainn).

Gheobhaidh M&G FA rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar PCP ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is fochuideachta de chuid M&G é M&G FA, ar bainisteoir coigiltis agus infheistíochta domhanda é atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus a thairgeann táirgí agus seirbhísí airgeadais ar fud na hEorpa trí dhá dheighleog ghnó: Bainistíocht Sócmhainní agus Saoil,

— Is bainisteoir cistí creidmheasa príobháideacha é PCP atá lonnaithe sa tSualainn, agus cuireann sé seirbhísí bainistíochta gníomhacha ar fáil d'infheisteoirí institiúideacha go príomha sna cistí a bhfuil caipiteal seasta acu. Feidhmíonn PCP go príomha i dTuaisceart na hEorpa.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11912 – M&G FA / P CAPITAL PARTNERS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË